

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 55



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

14 Feabhra 2023

Clár

II Faisnéis

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2023/C 55/01

Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.11019 – PREMIERENI / SUAS CLEAN ENERGY / JVs) ⁽¹⁾ 1

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2023/C 55/02

Rátaí malairte an euro — 13 Feabhra 2023 2

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2023/C 55/03

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11038 — ROTHSCHILD & CO / ANDERA PARTNERS / FINANCIERE CANELLA) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ⁽¹⁾ 3

GA

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

An Coimisiún Eorpach

2023/C 55/04	Foilsíú iarratais ar fhorghéara de leasú neamh-mhion ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhar	5
2023/C 55/05	Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí	14

II

*(Faisnéis)*FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi
(Cás M.11019 – PREMIERENI / SUAS CLEAN ENERGY / JVs)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 55/01)

An 6 Feabhra 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhu go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾. Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

- i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin “mBeartas iomaíochta” atá ag an gCoimisiún (<http://ec.europa.eu/competition/mergers/cases/>). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,
- i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en>) faoin uimhir dhoiciméid 32023M11019. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

13 Feabhra 2023

(2023/C 55/02)

1 euro =

Airgeadra			Ráta malairte		
Airgeadra			Ráta malairte		
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,0686	CAD	dollar Cheanada	1,4263
JPY	yen na Seapáine	141,65	HKD	dollar Hong Cong	8,3885
DKK	krone na Danmhairge	7,4485	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,6846
GBP	punt steirling	0,88281	SGD	dollar Shingearpór	1,4229
SEK	krona na Sualainne	11,1550	KRW	won na Cóiré Theas	1 364,06
CHF	franc na hEilvéise	0,9849	ZAR	rand na hAfraice Theas	19,1664
ISK	króna na hÍoslainne	153,10	CNY	renminbi-yuan na Síne	7,2930
NOK	krone na hIorua	10,8213	IDR	rupiah na hIndinéise	16 278,44
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	MYR	ringgit na Malaeisia	4,6618
CZK	koruna Phoblacht na Seice	23,739	PHP	peso na nOileán Filipíneach	58,581
HUF	forint na hUngáire	385,48	RUB	rúbal na Rúise	
PLN	zloty na Polainne	4,7875	THB	baht na Téalainne	36,177
RON	leu na Rómáine	4,9031	BRL	real na Brasaíle	5,5576
TRY	lira na Tuirce	20,1377	MXN	peso Mheicsiceo	19,8946
AUD	dollar na hAstráile	1,5388	INR	rúipí na hIndia	88,3950

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A
CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11038 — ROTHSCHILD & CO / ANDERA PARTNERS / FINANCIERE CANELLA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 55/03)

1. An 6 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Five Arrows Sustainable Investments ("FASI", Lucsamburg), a bhaineann le grúpa Rothschild & Co (an Fhrainc),
- Andera Partners (an Fhrainc),
- Financière Canella (an Fhrainc), atá faoi rialú Andera Partners.

Gheobhaidh FASI agus Andera Partners rialú comhpháirteach ar Financière Canella ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is cistí infheistíochta iad FASI atá faoi bhainistiú agus comhairle Five Arrows Managers ag díriú ar infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí meánmhéide in Iarthar na hEorpa,
- Is gnólacht bainistíochta sócmhainní Andera Partners a bhfuil speisialtóireacht aige ar Chothromas Príobháideach,
- Tá Financière Canella gníomhach in athchóiriú foirgneamh cónaithe pobail i réigiún Pháras (Ile-de-France).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cas seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

⁽²⁾ IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11038 — ROTHSCHILD & CO / ANDERA PARTNERS / FINANCIERE CANELLA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú iarratais ar fhormheas de leasú neamh-mhion ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhar

(2023/C 55/04)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais ar leasú de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ laistigh de trí mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

IARRATAS AR FHORMHEAS DE LEASÚ NEAMH-MHION AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE A BHFUIL SONRÚCHÁN COSANTA TIONSCNAIMH NÓ TÁSC COSANTA GEOGRAFACH AIGE

Iarratas ar leasú a fhormheas i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012

“Moutarde de Bourgogne”

Uimh. AE: PGI-FR-0503-AM01 – 24.9.2021

STFC () TGFC (X)

1. Grúpa iarratasóra agus leas dlisteanach

ASSOCIATION MOUTARDE DE BOURGOGNE
Maison de l'Agriculture
1 rue des Coulots
21 121 BRETENIERE
FRANCE

Teil. +33 80686677

R-phost: amb.moutarde@gmail.com

Tá comhlachas mustaird na Burgúine (Association Moutarde de Bourgogne) comhdhéanta de gach táirgeoir síolta mustaird sa Bhurgúin, chomh maith le comhlachtaí stórála síolta agus déantóirí thaos mustaird na Burgúine. Tá leas dlisteanach aige, dá bhrí sin, leasú a mholadh ar an tsonraíocht do TGFC “Moutarde de Bourgogne”.

2. Ballstát nó tríú tír

AN FHRAINIC

3. Ceannteideal sa sonraíocht táirge a bhfuil tionchar ag an leasú/na leasuithe air

- ☐ Ainm an táirge
- ☒ Tuairisc ar an táirge
- ☒ Limistéar geografach
- ☒ Cruthúnas tionscnaimh

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

- ☒ Modh táirgthe
- ☒ Nasc
- ☒ Lipéadú
- ☒ Eile: Sonraí teagmhála údarás inniúil an Bhallstáit, an ghrúpa iarratasóra agus na gcomhlachtaí cigireachta.

4. Cineál leasaithe/leasuithe

- ☒ Leasú ar shonraíocht táirge de STFC nó de TGFC cláraithe nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.
- ☐ Leasú ar shonraíocht táirge an STFC nó de TGFC cláraithe nár foilsíodh Doiciméad Aonair (nó a choibhéis) ina leith nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

5. Leasú/leasuithe

5.1. Leasuithe a bhfuil tionchar acu ar ghnéithe criticiúla

— Tuairisc ar an táirge

Athscríobhadh an mhír “Tréithe ‘Moutarde de Bourgogne’” ionas go bhféadfaí foirm neamhchriathraithe ar a dtugtar “moutarde à l’ancienne” (mustard lánghráin) a tháirgeadh taobh leis an mbunfhoirm chriathraithe, lena ndéantar idirdhealú idir na gnéithe tuairisciúla sonracha den dá fhoirm. Tá príomh-shaintréithe orgánaileipteacha an táirge seo coitianta don dá fhoirm agus rinneadh iad a shainaithint go soiléir.

— scriostar an téacs “mustaird láidir nó an-láidir ina bhfuil fion bán” toisc nach dtugtar tuairisc cheart leis ar shaintréithe orgánaileipteacha an táirge, agus toisc gur athrá ar an modh táirgthe í an abairt “ina bhfuil fion bán”;

— tá an téarma cáilitheach “dath éadrom” maidir leis an dath buí scriosta toisc nach léiríonn sé dath iarbhir an taois “Moutarde de Bourgogne”;

— tá na focail “Burgundy” bainte den tuairisc ar bholaithe an fhíona, toisc nach bhféadtar a bhunús a shuíomh trí scrúdú orgánaileipteach;

— tá déine na géire cáilithe leis an téarma “éagsúil”, toisc go bhféadfadh sé a bheith éagsúil ó thaos mustaird amháin go taos eile.

Sa mhír “Airíonna fisiceimiceacha ‘Moutarde de Bourgogne’”, cuirtear isteach saintréithe fisiceimiceacha an táirge a fhaightear gan chriathar i gcomhréir leis an iarratas ar leasú.

Tá an t-ábhar tirim agus an cion saille níos ísle sa táirge neamhchriathraithe mar gheall ar láithreach síoilta nach bhfuil brúite nó nach bhfuil ach brúite go páirteach.

Tá na sonraí seo maidir le tuairisc ar an táirge leagtha amach sa doiciméad aonair i mír 3.2.

5.2. Leasuithe nach bhfuil tionchar acu ar ghnéithe criticiúla

— Ceannteideal “Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh é an táirge”

Cuireadh an mhír tosaigh seo a leanas isteach chun seiceálacha a cheadú ar na hoibreoirí éagsúla san earnáil: “Ní mór d’aon oibreoir ar mian leis a bheith páirteach sa tsonraíocht iomlán nó i gcuid den tsonraíocht le haghaidh ‘Moutarde de Bourgogne’ údarú ón ngrúpa a lorg sula ndéantar aon táirgeadh.”

Scríosadh an ceanglas ar oibreoirí áirithe a bheith ina gcomhaltaí de chomhlachas dlí choitinn taobh amuigh den ghrúpa iarratasóra.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair leis na leasuithe seo.

— Ceannteideal “Tuairisc ar an modh táirgthe”

Scríosadh an mhír a thagraíonn do phlean táirgthe arna bhainistiú ag APGMB (Association des Producteurs de Graines de Moutarde de Bourgogne – Comhlachas Táirgeoirí Shíolta Mustaird na Burgúine) chun ligean d'oibreoirí nach baill iad den chomhlachas dlí choitinn sin, atá difriúil leis an ngrúpa iarratasóra, síolta mustaird a tháirgeadh.

Rinneadh an speiceas *Brassica juncea* le síolchóta bán a scríosadh as an liosta de na speicis údaráithe de shíolta mustaird. Níl ach na speicis *Brassica nigra* agus *Brassica juncea* le síolchóta donn á gcoinneáil. Is ar éigean atá an speiceas *Brassica juncea* le síolchóta bán i láthair sa limistéar táirgthe. Ní mheastar go bhfuil na saintréithe suntasacha ag a shíolta chun “Moutarde de Bourgogne” a tháirgeadh.

Baineadh an tuairisc ar shaintréithe luibheolaíocha na gcineálacha (dath, méid, cruth, dromchla), toisc nach bhfuil sé ábhartha i sonraíocht táirge.

Scríosadh an tuairisc ar na fionta a bhfuil sonrúcháin tionscnaimh acu, agus go háirithe an liosta de chineálacha fionchaor a úsáideadh chun iad a dhéanamh nó a dtréithe orgánaileipteacha, ós rud é gur eastóscán é a mheastar nach bhfuil gá leis agus atá san áireamh freisin sna sonraíochtaí faoi seach de na fionta bána éagsúla le sonrúcháin tionscnaimh a tháirgtear sa Bhurgúin. Is saintréith den mhodh táirgthe don “Moutarde de Bourgogne” í úsáid fionta bháin le sonrúcháin tionscnaimh a tháirgtear i limistéar fionsaothrúcháin na Burgúine.

Tá finéagar curtha leis na comhábhair údaráithe. Is féidir leis an méid sin ar cuireadh leis i gcainníochtaí beaga bheith ina chúiteamh ar an titim ar aigéadacht na bhfionta bána de bharr téamh domhanda. Úsáideadh finéagar go stairiúil chun caomhnú an thaos mustaird a fheabhsú.

Luaitear i liosta na gcomhábhar anois nach n-údaítear ach siúcros amháin mar shiúcra.

Scríosadh an mhír sa tuairisc ar an táirge ina bhfuil liosta de chineálacha údaráithe arna dhréachtú ag an ngrúpa agus cuireadh mír ina hionad “5.2.1. Táirgeadh síolta mustaird” le: “Ní úsáideann feirmeoirí ach cineálacha a áirítear i gcatalóg cineálacha na Fraince.” Níorbh ábhartha an srian ar chineálacha áirithe ar mhian leis an ngrúpa amháin ná ní raibh údar dlíthiúil leis.

Cuireadh an mhír seo a leanas leis an tsonraíocht chun stóráil síolta a rialáil: “Déanfaidh an ghníomhaireacht stórála a ghrúpáil le chéile ina saoráid stórála táirgí na dtáirgeoirí éagsúla atá liostaithe sa phlean táirgthe. Déanfar na síolta go léir a ghlanadh chun na critéir chomhlíonta maidir le saintréithe na síolta a chomhlíonadh. Tá cosc ar fheithidicíd stórála a úsáid.”

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair leis na leasuithe seo.

I mír “5.2.3. Saintréithe síolta mustaird roimh sheachadadh chuig na monaróirí”:

- rinneadh an meáchan de mhíle síol a scríosadh. Cuireadh meáchan íosta de 2.35 gram ina ionad sa tsonraíocht reatha. Braitheann an meáchan de mhíle síol ar dhálaí aeráide na bliana, rud nach bhfuil smacht ag na táirgeoirí air. Foráiltear le mír bhreise do nós imeachta maolaithe chun an tairseach seo a íslíú “*más rud é go raibh na dálaí aeráide ann a chuirfeadh an fómhar i mbaol*”. Tá an nós imeachta maolaithe seo neamhbheacht chun fanacht i bhfeidhm. Leis an meáchan de mhíle síol, féadtar an phróiseáil do thaos mustaird a éascú agus cinntear leis toradh teicneolaíochta na próiseála seo, ach ní dhéantar difear do bhlas an thaos mustaird;
- cuirtear an t-inneachar coibhéiseach ina réamhtheachtaí, sinigrin, in ionad luach tagartha an ábhair isitiaicianáite so-ghalaithe. Níl an isitiaicianáit so-ghalaithe, a thugann a ghéire don mhustard, i láthair sa síol ach tá sé ar fáil sa mhustard amháin tar éis don síol a bheith brúite agus tar éis do sinigrin imoibriú einsímeach a spreagadh;

- rinneadh an t-íosmhéid uisce agus ábhar so-ghalaithe a scriosadh toisc nach bhféadtar ach barrachas uisce sa síol tionchar diúltach cáilíochtúil a bheith aige;
- rinneadh an cion próitéine a scriosadh. Níl aon tionchar ag an gcritéar seo a úsáidtear go traidisiúnta i roghnú cineálacha síolta ar cháilíocht an críochtháirge.

Rinneadh na hathruithe céanna ar phointe 3.3 den doiciméad aonair.

I mír “5.2.4. *Taos mustaird a tháirgeadh*”:

- i gcomhdhéanamh an leachta caolúcháin, tugadh isteach idirdhealú idir fíon bán agus uisce, ar comhábhair shainordaitheacha iad, agus finéagar, ar comhábhar roghnach é. Is roghnach é an fhéidearthacht finéagar a thabhairt isteach;
- coinnítear an cion 25 % d'fhíon bán sa leacht caolúcháin maidir le mustaird criathraithe amháin. Is éard a cuireadh isteach gur 15 % atá sa chion sin i gcomhair “moutarde à l'ancienne”;
- cinneadh cainníocht an fhinéagair ar bhonn an chion aigéid aicéitigh a chuirtear isteach leis an bhfinéagar, rud nach bhféadfaidh a bheith níos mó 4 % den leacht caolúcháin. Leis an srian sin, fágfar gur féidir, agus finéagar á úsáid, tréithe orgánaileipteacha “Moutarde de Bourgogne” agus, go háirithe, a bholaithe fíona bháin a choinneáil. Tá sé léirithe ag blaiseadh comparáide nach n-athraíonn an finéagar sa tiúchan seo buntréithe an táirge.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair leis na leasuithe seo.

- Ceannteideal “Nasc leis an limistéar geografach”

Tá an mhír “Fianaise maidir leis an nasc leis an limistéar geografach” curtha i gcomhréir leis an tuairisc ar an táirge agus le tabhairt isteach na foirme neamhchriathraithe. Tá an nasc bunaidh ábhartha don dá fhoirm, bídís criathraithe nó ná bídís. Tá an nasc bunaidh i sonraíocht an táirge maidir le mustard criathraithe bailí freisin maidir le mustard neamhchriathraithe, arb é, go teagmhasach, an chéad fhoirm a táirgeadh san am atá thart. Ní féidir an dá fhoirm a idirdhealú ach amháin lena ndath agus lena n-uigeacht.

Rinneadh Caibidil 5 den doiciméad aonair a dhréachtú ar an gcaoi sin.

- Sonraí lipéadaithe sonracha

D'fhoill a áirithiú go gcuirtear tomhaltóirí ar an eolas i gceart nuair nach ndéantar mustard a chriathrú, sonraítear nach mór an t-ainm dlíthiúil “moutarde à l'ancienne” a bheith ar an lipéad agus ní fhéadfar é a bheith níos mó ná an t-ainm cláraithe “Moutarde de Bourgogne”.

Rinneadh na hathruithe céanna ar phointe 3.6 den doiciméad aonair.

1.1. LEASUITHE AR AN BHFOCLAÍOCHT

Athraíodh struchtúr na sonraíochta chun an fhormáid inmhianaithe a chomhlíonadh:

- rinneadh an achoimre a scriosadh;
- cuireadh an ceannteideal “Údarás Inniúil sa Bhallstát” isteach;
- Ceannteideal “Grúpa iarratasóra”: nuashonraíodh an seoladh, tá achoimre déanta ar chomhdhéanamh an ghrúpa agus scriosadh sonraí a chomhdhéanamh agus a staire gan aon athrú ar a chomhdhéanamh;
- Ceannteideal “Tuairisc ar an táirge”

Bogadh tréithe na gcomhábhar ó “*Tuairisc ar an mbia-ábhar*” go ceannteideal “5. *Tuairisc ar an modh táirgthe*, 5.1 *Tréithe na gcomhábhar*”.

Faoi shaintréithe fisiceimiceacha, sonraítear nach mbaineann na gnéithe atá san áireamh cheana féin sa tsonraíocht roimhe seo ach le mustard criathraithe, cé go bhfuil na caighdeáin le haghaidh mustaird neamhchriathraithe éagsúil agus sainmhínithe (féach roinn 5.1 den doiciméad seo). Maidir le mustard criathraithe, in ábhar tirim agus saill, tá an téarma níos oiriúnaí “tiúchan” (“teneur”) curtha in ionad an fhocail “ábhar” (“contenu”). Maidir leis an méid síolchóta atá fágtha sa taos criathraithe, tá sé sonraíte go ndéantar é seo a mheasúnú tar éis dó bheith criathraithe agus brúite.

Rinneadh na hathruithe céanna ar phointe 3.3 den doiciméad aonair.

— Ceannteideal “Sainmhíniú ar an limistéar geografach”

Scríosadh an tagairt do réigiún na Burgúine toisc gur athraíodh ainmneacha réigiúin riaracháin na Fraince.

Nuashonraíodh an liosta de na bardais atá oiriúnach do tháirgeadh síolta mustaird, toisc go bhfuil go leor bardais tar éis a n-ainm a chumasc agus/nó a athrú.

Scríosadh an cur síos ar na fachtóirí nádúrtha ón gceannnteideal seo agus déantar achoimre air thíos faoin gceannnteideal “Nasc leis an limistéar geografach”, i gcomhréir le struchtúr nua na sonraíochta.

Cuireadh an méid seo a leanas leis an tsonraíocht: “*Féadtar léarscáileanna den limistéar geografach seo a fháil ar shuíomh gréasáin an Institut national de l’origine et de la qualité (An Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta).*”

Tá na léarscáileanna scriosta.

Ní dhéantar difear d’imlíne an limistéir gheografaigh leis na leasuithe seo.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair leis na leasuithe seo.

— Ceannteideal “Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh é an táirge”

Nuashonraíodh na gnéithe inrianaitheachta chun athruithe ar an modh táirgthe agus ar chleachtais na n-oibreoirí a chur san áireamh. Ní thagann srianta breise ar thrádáil an táirge nó a amhábh ar na leasuithe seo.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair leis na leasuithe seo.

— Ceannteideal “Tuairisc ar an modh táirgthe”

Go ginearálta, tá athstruchtúrú déanta ar an gcaibidil chun:

- gnéithe de shaintréithe na gcomhábhar a áiríodh cheana sa tuairisc ar an táirge a chur san áireamh,
- uimhriú agus teidil na gcaibidlí agus na bhfochaibidlí a nuashonrú,
- cur síos a dhéanamh ar an modh táirgthe ar bhealach líneach,
- forluí le ceannteidil eile sa tsonraíocht a scríosadh,
- na nithe a bhfuil clúdaithe ag na seiceálacha arna ndéanamh ag an gcomhlacht deimhniúcháin a scríosadh

Scríosadh an buntéacs ina ndéantar cur síos ar an modh táirgthe i dtéarmaí ginearálta chomh maith leis an bhforbhreathnú scéimeach ar na céimeanna táirgthe i gcás inar measadh nach raibh gá leo nó inar bogadh iad agus inar achoimríodh iad sna fochaibidlí iomchuí.

Faoi chomhábhair údaraithe, cuireadh na “rialacha ginearálta” in ionad na tagartha do “Treoir maidir le Breiseáin AE 1995”, rud a cheadaíonn í a thabhairt chothrom le dáta. Cuirtear na focail “cé is moite [...] d’úscairí mustaird nádúrtha agus saorga, agus eastóscán mustaird nó blátholaí”, a mheastar nach bhfuil soiléir go leor agus a bhfuil sé deacair dá bhrí sin a thuiscint le linn cigireachtaí: “Féadfaidh ullmhóidí blaitithe nó substaintí blaitithe nádúrtha a bheith i mustard, cé is moite de bhlasóir mustaird, go háirithe isitiaicianáit aillile”, foclaíocht atá cosúil leis an bhfoclaíocht atá i rialacha na Fraince maidir le mustard.

Sa chaibidil seo “5.2.3. Saintréithe síolta mustaird roimh sheachadadh chuig na monaróirí”,

- rinneadh forluí le ceannteidil eile sa tsonraíocht a scríosadh;
- rinneadh foclaíocht na míre maidir le tiúchaana síolta neamhaibí agus neamhíonachtaí agus ábhar coimhthíoch a shimpliú chun rialú níos éifeachtaí a cheadú gan na luachanna tagartha a athrú;
- sa tábla ar chritéir fhisiceimiceacha, baineadh sonraíochtaí amhail meánleibhéal agus teorainneacha faireacháin íochtair agus uachtaracha, toisc go dtagraíonn siad do tháscairí agus ní do cheanglais mar sin.

Tá foclaíocht an doiciméid aonair curtha i gcomhréir leis na leasuithe seo.

— Fianaise ar an nasc leis an mbunús geografach

Athscríobhadh an chaibidil seo go hiomlán ionas gur féidir í a áireamh sa doiciméad aonair, agus an t-uasmhéid iomlán de 2 500 focal a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 668/2014 a urramú.

Dá bhrí sin, ní bhaineann an fhoclaíocht nua le léiriú an naisc leis an limistéar geografach, atá bunaithe ar cháilíocht shonrach “Moutarde de Bourgogne”.

Tá síolta mustaird á dtáirgeadh sa Bhurgúin ó am ársa. Bhí ithreacha agus aeráid an réigiúin fabhráithe i gcónaí do tháirgeadh síolta mustaird ar ardchaighdeán le géire láidir agus dath tarraingteach, rud a thugann uigeacht mhaith don taos.

Ina theannta sin, tá sócmhainn fhíonghoirt aitheanta ag an mBurgúin. Cruthaíonn an meascán d’fhíon bán agus síolta mustaird oideas neamhghnách le blas uathúil.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair leis na leasuithe seo.

— Tagairtí don chomhlacht cigireachta

Nuashonraíodh an fhoclaíocht.

— Sonraí lipéadaithe sonracha

Rinneadh an fhoclaíocht a shoiléiriú.

— Ceanglais náisiúnta:

Tá na príomhphointí atá le seiceáil á gcur leis an rannán maidir le ceanglais náisiúnta, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm.

— Gnéithe eile

Scríosadh an achoimre, an leabharliosta agus na hiarscríbhinní.

Doiciméad aonair: Athscríobhadh an bhileog achoimre a foilsíodh in 2009 go hiomlán de réir an teimpléid nua agus dá bhrí sin, rinneadh doiciméad aonair di.

DOICIMÉAD AONAIR

“Moutarde de Bourgogne”

Uimh. AE: PGI-FR-0503-AM01 – 24.9.2021

STFC () TGFC (X)

1. Ainm/ainmneacha

“Moutarde de Bourgogne”

2. Ballstát nó tríú tír

An Fhrainc

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-ábhar

3.1. Cineál táirge

Aicme 2.8: Leafaos mustaird

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Nuair a dhéantar é a chriathrú, tagann dath buí ar “Moutarde de Bourgogne” le huigeacht thiubh aonchineálach agus mín. Nuair nach ndéantar é a chriathrú, beidh an t-ainm dlíthiúil breise “moutarde à l’ancienne” air. Déantar é a idirdhealú lena dath buí-donn agus a uigeacht thiubh ina bhfuil gráin atá sách brúite.

Cibé an ndéantar é a chriathrú nó nach ndéantar, tá sé tréithrithe ag boladh láidir agus tipiciúil fíona bháin, géire de dhéine éagsúla agus blas suntasach d'fhíon bán.

Is iad seo a leanas na tréithe fisiceimiceacha atá ag “Moutarde de Bourgogne”:

Má dhéantar an “Moutarde de Bourgogne” a chriathrú:

- ní mór tiúchan an ábhair thirim ó shíolta a bheith 24 % ar a laghad de réir meáchain an críochtháirge;
- ní mór an tiúchan saille ó shíol mustaird a bheith 9 % ar a laghad de réir meáchain an críochtháirge;
- tar éis dó bheith criathraithe agus brúite, ní mór go mbeadh an méid síolchóta atá fágtha sa taos níos lú ná 2 % den mheáchan iomlán.

Mura ndéantar an “Moutarde de Bourgogne” a chriathrú, féadfaidh an t-ainm dlíthiúil breise “moutarde à l'ancienne” a bheith air, faoi réir na gcritéir seo a leanas:

- ní mór an cion ábhar tirim ó shíolta a bheith ar a laghad 20 % de réir meáchain an críochtháirge;
- ní mór an tiúchan saille ó shíol mustaird a bheith ar a laghad 5 % de réir meáchain an críochtháirge.

3.3. Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)

Tréithriú amhábhair:

Síolta mustaird

- Is iad na speicis a choinnítear: *Brassica juncea* (síolchóta donn amháin) agus *Brassica nigra*.
- Cineálacha atá liostaithe i gcatálóg cineálacha na Fraince.
- Tréithe i %:
 - Síolta neamhaibí: nach mó ná 1.5 % de líon iomlán na síolta mustaird
 - Neamhíonachtaí, ábhar eachtrach agus táirgí plandaí eile: nach mó ná 0.7 % de mheáchan iomlán an tsíl mustaird.
 - Níor cheart go ndearnadh aon téamh ar na síolta.
- Boladh agus blas
 - Ní mór don phúdar síolta mustaird taisrithe braistint úire agus géire a chur ar fáil ar an gcarbhall. Níor cheart go mbeadh blasanna agus bolaithe eachtracha ann, cosúil le nótaí camhraithe nó seanchaite.
- Easpa amhairc de mhúscán agus feithidí.
- Critéir fhisiceimiceacha

Anailísí/aonaid	
— Ábhar uisce agus so-ghalaithe % maise	uasmhéid 9 %
— Cion saille % maise ar bhonn meáchain thirim	> = 28%
— Ábhar sinigrine (réamhtheachtaí na hisitiaicianáite so-ghalaithe)	> = 84 µmol/g DM

Fíon bán

Táirgtear “Moutarde de Bourgogne” le fíon bán le hainmniúchán tionscnaimh, a tháirgtear i réigiún fionsaothrúcháin na Burgúine.

Comhábhair agus breiseáin údaraithe eile

Is iad na comhábhair agus na breiseáin údaraithe eile:

- sa leacht caolaithe: uisce. Féadfar finéagar biotáille a úsáid.
- salann
- siúcra (siúcros)
- spíosraí agus luibheanna cócaireachta
- breiseáin: na cinn a cheadaítear leis na rialacha ginearálta, cé is moite de:
- dathúcháin shaorga
- aon chobhsaitheoir nó gníomhaire tiubhúcháin.

Féadfaidh ullmhóidí blaitithe nó substaintí blaitithe nádúrtha a bheith i mustard, cé is moite de bhlasóir mustard, go háirithe isitiaicianáit aillile.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na síolta agus an taos mustard a tháirgeadh sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisní, grátáil, agus pacáistiú srl. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Dada

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na gnéithe seo a leanas a bheith san áireamh sa lipéadú sa réimse radhairc céanna:

- an t-ainm cláraithe “Moutarde de Bourgogne” – agus, i gcás táirgí nach ndéantar a chriathrú, an t-ainm dlíthiúil “moutarde à l’ancienne”, rud nach bhféadfaidh a bheith níos mó ná an t-ainm cláraithe “Moutarde de Bourgogne”.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar geografach chun taos mustard “Moutarde de Bourgogne” a tháirgeadh comhdhéanta de na bardais go léir sna ranna Côte-d’Or, Nièvre, Saône-et-Loire agus Yonne.

Laistigh den limistéar seo, roghnaíodh crios a bhí oiriúnach chun síolta mustard a fhás. Toisc gur sainíodh an crios de réir critéar geolaíochta agus ithreach chun oiriúnacht a chinntiú d’fhás mustard, fágadh ithreacha aigéadacha donna agus ithreacha podsalachacha donn ina airde sléibhe as an áireamh. Tá sé léirithe ag rialacha saothraithe mustard go bhfuil féidearthacht theoranta ag na hithreacha seo mar gheall ar líonadh gránach lag agus cion sinigrín neamhleor (réamhtheachtaí don isitiaicianáit so-ghalaithe), rud a fhágann go bhfuil sé dodhéanta taos mustard shainiúil a fháil.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc le bunús an “Moutarde de Bourgogne” criathraithe nó neamhchriathraithe bunaithe ar a cháiliocht shonrach.

Mar gheall ar aeráid leath-ilchríochach na Burgúine agus a cuid ithreacha ina bhfuil cré agus aolchloch go príomha is féidir síolta mustard ar ardchaighdeán a tháirgeadh le géire láidir agus dath tarraingteach, rud a thugann uigeacht mhaith don taos. Ní mór fios gnó tháirgeoirí an réigiúin, a tógadh ó ré ársa, a bhain leas as fíonghoirt chluíteacha a chur leis na fachtóirí nádúrtha seo. Cruthaíonn an meascán d’fhíon bán a bhfuil sonrúchán tionscnaimh aige agus síolta mustard oideas neamhghnách le blas uathúil.

Is réigiún é an Bhurgúin ina bhfuil aeráid leath-ilchríochach cothrom aonchineálach, le treocht níos aigéanaí ar an Nivernais agus níos éagsúla san oirthear. Sa gheimhreadh, is ionann na meánteochtaí agus 1.4 °C in Dijon agus 2.8 °C in Nevers; sa samhradh, 19.5 °C in Dijon agus 18.4 °C in Nevers. Is ionann an meán báisteach agus 650 go 900 mm in aghaidh na bliana. Baineann an réigiún leas as thart ar 1 830 uair an chloig gréine in aghaidh na bliana. Tá aeráid na Burgúine oiriúnach d’fhás mustard.

Ní gá le méid suntasach uisce chun mustard a fhás: tá an planda an-fhrithsheasmhach ó thaobh triomaigh de. Mar sin féin, tá tréimhse bháistí le linn na céime líonadh gránach ag deireadh mhí na Bealtaine fabhrach dó.

Rinneadh trialacha fáis ar chineálacha éagsúla ithreach ó 1994 go dtí deireadh 2000 ag an Chambre d'Agriculture de Côte-d'Or (Cumann Talmhaíochta Côte d'Or). Léiríodh nach gceadaíonn ithreacha áirithe síolta mustaird chomhlíontacha a tháirgeadh, go háirithe maidir le híosmhéid na síolta agus a n-íosmhéid sinigrin, réamhtheachtaí don istiaicíanáit so-ghalaithe.

Maidir leis na hithreacha donn aigéadacha an iomaire chriostalaigh iomláin de limistéir Morvanelle agus Haut Charolais na Burgúine, atá suite ar bhonnalach criostalach, scealla agus sil-leagan de ghaineamhchloch Triasach, agus ithreacha podsolacha ar airde sléibhe den bhonnalach criostalach Haut-Morvan ní fhéadtar iad a úsáid le haghaidh táirgeadh síolta mustaird.

Tá limistéar ina bhféadfaí fás mustaird a mheas, teorannaithe agus tá liosta de na bardais lena mbaineann bunaithe.

Ba ar chúiseanna geografacha go príomha a d'fhorbair an Bhurgúin tionscal mustaird.

In aimsir na Ghall-Rómhánach, bhí Dijon ina phost stáitse ar bhóthar na spíosraí, agus ghlac áitritheoirí na Burgúine leis an nós spíosraí a ithe. Nuair a d'aistrigh na hionraí barbaracha an bóthar spíosraí, d'úsáid na Burgúnaigh, spreagtha ag an daonra áitiúil, mustaird mar rogha eile. Toisc go raibh mustard fiáin ag fás go nádúrtha sa cheantar, thosaigh muintir na háite ag meascadh síolta mustaird triomaithe agus garbhbhruíte le leacht caolaithe aigéadach, rud a tháirgeann taos mustaird ar a dtugtar "à l'ancienne" anois.

Tá dlúthcheangail stairiúla idir an Bhurgúin agus mustard. Cuireann hipitéis amháin bunús an fhocail mustaird i leith mana Dhiúc na Burgúine, "Moult me tarde", a chuir déantóirí mustaird ar an bpota mar ómós dá tiarnaí feodacha.

Tá dlúthcheangal idir fíon agus mustard.

In "La vie privée des français" (1792), scríobh Pierre Jean-Baptiste Legrand d'Aussy "go raibh sé nádúrtha, thairis sin, go dtáirgeodh an cúige inar cuireadh ar fáil go leor de na fíonta is fearr sa Ríocht an mustaird ab fhearr ag baint úsáide as a chuid fíonta."

Úsáideann táirgeoirí mustaird fíonta bána Burgúine aigéadacha le neart alcóil íseal agus le neart aramatach a fhágann go bhféadtar an mustard a thréithriú go horgánaileipteach. Féadtar aigéadacht bhunaidh na bhfíonta beaga a chothabháil trí fhíneagar a chur leis le haghaidh caomhnú agus feabhsú orgánaileipteach.

Ag céim an-luath, d'úsáid déantóirí mustaird an t-ainm "Moutarde de Bourgogne" chun a gcuid táirgí a dhíol. Tá seantaifid ann ina bhfuil an t-ainm seo nó ina bhfuil tagairtí don Bhurgúin. Mar shampla:

An 7 Iúil 1891, chomhdaigh Léon agus Ernest Méras), monaróirí in Sens, an trádmharc "Moutarde de Bourgogne, extra-blanche supérieure" (Mustard na Burgúine, mustard an-bhán den scoth) le Clárlann na Cúirte Tráchtála in Sens.

Nuair a dhéantar é a chriathrú, tagann dath buí ar "Moutarde de Bourgogne" le uigeacht tiubh aonchineálach agus mín. I gcás nach ndéantar an táirge a chriathrú, cuirfear an t-ainm dlíthiúil breise "moutarde à l'ancienne" leis an ainm "Moutarde de Bourgogne". Tá dath buí-donn air agus tá uigeacht tiubh aige ina bhfuil gráin atá sách brúite.

Cibé an ndéantar é a chriathrú nó nach ndéantar, tá "Moutarde de Bourgogne" tréithrithe ag boladh láidir agus tipiciúil fíona bháin, blas fíona bháin agus géire déine éagsúla. Ní mór go mbeadh cuid mhór fíona bháin sa leacht caolaithe agus an t-ainm tionscnaimh "Bourgogne" air, lena n-áirithítear an cháilíocht ar leith de "Moutarde de Bourgogne". Ní mór 15 % ar a laghad den leacht caolaithe a bheith san fhíon bán i gcás mustaird neamhchriathraithe agus 25 % ar a laghad den leacht caolaithe i gcás mustaird chriathraithe.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

<https://extranet.inao.gouv.fr/fichier/CDC-MoutardeDeBourgognev-propre.pdf>

Foilsíú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(2023/C 55/05)

Le foilsíú an iarratais seo, tugtar an ceart chun cur in aghaidh an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

“Kullings kalvdans”

Uimh. AE: PGI-SE-02511 — 5.6.2019

STFC () TGFC (X)

1. Ainmneacha [STFC nó TGFC]

“Kullings kalvdans”

2. Ballstát nó Tríú Tír

An tSualainn

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra

3.1. An cineál táirge

Aicme 1.4. Táirgí eile de thionscnamh ainmhíoch (uibheacha, mil, táirgí éagsúla déiríochta seachas im, etc.)

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Is éard is “Kullings kalvdans” táirge atá bÁCáilte san oigheann agus a fhaightear ó ghruth buí buaibheach (maothal). Díoltar “Kullings kalvdans” gan aon rud curtha leis nó agus blaistithe le cainéal nó cardamam.

Díoltar “Kullings kalvdans” agus é úr agus mar sin amháin.

Maidir le táirgí a dhíoltar ag a bhfuil an t-ainmniú faoi chosaint “Kullings kalvdans”, comhlíonann siad na ceanglais seo a leanas:

Cruth: Díoltar “Kullings kalvdans” i bpacáistí cruinne nó cearnógacha ag brath ar a mhéid.

Meáchan: 0,1-2 kg

Dath: Is órbhuí domhain é an ciseal dromchla. Faoi bhun an dromchla, athraíonn an dath go buí níos gile.

Uigeacht: Séimh chomh maith le huachtarúlacht agus maothlachas coinnithe

Raimhre: Bíonn an raimhre éagsúil, ó uachtarúil go díreach teann.

Dea-bholadh: Boladh láidir tiubhaithe bainne maille le bolaithe uachtarúla agus de-bholaithe ime.

Blas: Maothlach, iomlán agus dian maille le roinnt milseachta. Bolaithe bainne téite go cúramach agus im neamhshailte agus milseán imreoige.

Iarbhlás: Iarbhlás fada taitneamhach ar fud an bhéil.

An blas sa bhéal: Uachtarúil agus séimh, bog agus míghráinneach fiú. Mín agus galánta.

Cion saille: 4-6 %

Próitéin: 8-10 %

⁽¹⁾ IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

Carbaihidráit: 8-9 % Arb é an cion di is lachtós: 4-5 %

Salann: 0,2-0,3 %

Tá na saintréithe seo a leanas in “Kullings kalvdans” atá blaitithe le cainéal nó cardamam:

Dath: Tá spotaí donna nó cnódhonna ar an dromchla.

Dea-bholadh: “Kullings kalvdans” blaitithe le cardamam: Boladh ar leith de chardamam atá cosúil le rollaí úra cardamaim na Sualainne atá díreach bÁCáilte.

“Kullings kalvdans” blaitithe le cainéal: Boladh ar leith de chainéal a thugann borra cainéil na Sualainne chun cuimhne.

Blas: “Kullings kalvdans” blaitithe le cardamam: Blas ar leith de chardamam agus milseacht níos suntasaí. Iarbhlas maille le himreacha de chardamam.

“Kullings kalvdans” blaitithe le cainéal: Blas ar leith de chainéal maille le bolaithe éadroma cócó agus caramail. Is láidre an blas de chainéal ar an dromchla agus laghdaíonn sé i dtreo an bhun. Iarbhlas maille le himreacha de chainéal.

Comhábhair eile: Siúcra, salann (NaCl), cainéal nó cardamam.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Is éard atá i mbeatha na mbó go príomha farae, cineálacha éagsúla féir agus seamair, a fhástar go príomha ar na feirmeacha féin. Coinnítear na ba lasmuigh i rith an tsamhraidh agus bíonn siad ag innilt féir, seamair agus luibheanna éagsúla. Chomh maith leis an bhfarae, bíonn gá le beatha tiubhaithe de ghnáth, mar shampla gráin. Tugann na feirmeoirí aird ar airíonna an fharae agus riachtanais chothaitheacha na mbó chun na dálaí is fearr is féidir a bhaint amach le haghaidh breith laonna agus lachtadh rathúil.

Gruth buí neamhphaisteartha, é úr nó reoite.

3.4. *Bearta sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór an próiseas táirgthe ar fad a dhéanamh — ón tráth a fhaightear an t-amhábhair go dtí meascadh, spíosú agus bÁCáil an ghrutha bhuí — laistigh den limistéar geografach a shonraítear faoi phointe 4.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Déantar an limistéar táirgthe le haghaidh “Kullings kalvdans” a theorannú leis na codanna bóthair seo a leanas (1):

Nossebro – Jonslund, bóthar 186;

Jonslund – Vara Vickerås 1:3, bóthar 2506;

Vara Vickerås 1:3 – Eling, bóthar 2519;

Eling – Larv, bóthar 2520;

Larv – Vara Malmene 8:1, bóthar 2650;

Vara Malmene 8:1 – Floby, bóthar 2661;

Floby – Floby, bóthar 2663;

Floby – Falköping Floby-Åsen, bóthar 2658;

Falköping Floby-Åsen – Falköping Jäla 8:3, bóthar 2649;

Falköping Jäla 8:3 – Falköping Jäla 8:9, bóthar 1850;

Falköping Jäla 8:9 – Herrljunga Brogårdet 1:2, bóthar 2646;
Herrljunga Brogårdet 1:2 – Herrljunga Duvered 1:2, bóthar 1857;
Herrljunga Duvered 1:2 – Döve, bóthar 1851;
Döve – Älmestad, bóthar 1859;
Älmestad – Murum, bóthar 182;
Murum – Ulricehamn Hällstads-Djupedal 1:1, bóthar 1827;
Ulricehamn Hällstads-Djupedal 1:1 – Stommen, bóthar 1826;
Stommen – Fänneslunda, bóthar 1815;
Fänneslunda – Herrljunga Sannum 1:7, bóthar 1814;
Herrljunga Sannum 1:7 – Borgstena, bóthar 1807;
Borgstena – Borgstena, bóthar 183;
Borgstena – Borås Tämta 2:4, bóthar 182;
Borås Tämta 2:4 – Stommen, bóthar 42;
Stommen – Asstorp, bóthar 1772;
Asstorp – Vralen, bóthar 1773;
Vralen – Bredared, bóthar 1768;
Bredared – Sandhult, bóthar 1766;
Sandhult – Hedared, bóthar 180;
Hedared – Töllsjö, bóthar 1682;
Töllsjö – Bollebygd, bóthar 1758;
Bollebygd – Härryda Rya 3:3, bóthar 554;
Härryda Rya 3:3 – Lerum, bóthar 523;
Lerum – Lerum, bóthar 1938;
Lerum – Lerum, bóthar 1940;
Lerum – Gråbo, bóthar 1939;
Gråbo – Nossebro, bóthar 190.

1) Tagraíonn bealaí bóthair agus uimhreacha don staid i mí Mheithimh 2022.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Tá an nasc idir airíonna sonracha “Kullings kalvdans” agus an limistéar geografach bunaithe ar shaintréithe táirge mar gheall ar a thionscnamh geografach agus go háirithe ar thosca daonna atá forleathan sa limistéar sin.

Sainiúlachtaí an táirge

Is táirge nádúrtha íon é “Kullings kalvdans” a dhéantar as gruth buí. Mar gheall ar an gcion ard próitéine i ngruth buí, téachtann an bainne nuair a théitear é. Is é sin is cúis le saintréith uigeacht shainiúil (mí agus uachtar) “Kullings kalvdans”, a raimhre (uachtarúil go teann go díreach), dath (buí éadrom agus dromchla órbhuí), blas (maothlach, lán, le roinnt milseachta, milseán imreoige) agus boladh (bainne, uachtar agus im).

Ós rud é ndéantar “Kullings kalvdans” as gruth buí amháin, téachtann an t-uachtar gruth buí ag barr na kalvdans le linn na bÁCála, rud a chuireann le dath dromchla órbhuí agus blas sainiúil “Kullings kalvdans”.

Dá bhrí sin, tá saintréithe “Kullings kalvdans” éagsúil le saintréithe na kalvdans atá níos coitianta ar mhargadh na Sualainne, kalvdans a dhéantar ó ghnáthbhainne bó nó meascán de ghnáthbhainne agus gruth buí ar cuireadh tiúsóirí leo, amhail uibheacha agus/nó plúr chun raimhre dhaingean a bhaint amach.

Nasc cúisíoch

Is táirge ceardaí é “Kullings kalvdans” a mhonaraíonn déirithe. Táirgtear kalvdans trí mhodhanna a thagann ó sheantraidisiún Västergötland, is é sin kalvdans a dhéanamh as gruth buí amháin. Bronnadh gradam Gastronomiska Akademin ar na táirgeoirí in 2013 as an traidisiún sin a chaomhnú.

San am a chuaigh thart, ba ghnách le gach bó lao a bhreith ag aon am amháin den bhliain a bheag nó a mhór. Dá bhrí sin, ba tháirge séasúrach é Kalvdans. Mar sin féin, déantar “Kullings kalvdans” a tháirgeadh ó cheann ceann na bliana. Is féidir déanamh amhlaidh toisc gur fhorbair na táirgeoirí córas trína gcuireann na feirmeacha déiríochta lipéad ag gabháil leis an ngruth buí tráth an bhleáin maidir le hainm na feirme, uimhir aonair an ainmhí, dáta an bhleáin agus an cion próitéine, agus ansin déantar an gruth buí a reo go dtí go n-úsáidfear é sa táirgeadh. Aithnítear leis sin gach baic de ghruth buí agus treoraítear an déirí agus chun an meascán ceart grutha bhuí á ullmhú chun “Kullings kalvdans” a tháirgeadh.

Ionas go mbeidh na saintréithe cearta ag “Kullings kalvdans”, faightear an gruth buí a úsáidtear go heisiach ó fheirmeacha áitiúla in Västra Götaland. Tugann na feirmeacha sin aird ar leith ar airíonna an fharae agus riachtanais chothaitheacha na mbó chun na dálaí is fearr is féidir a bhaint amach le haghaidh breith laonna agus lachtadh rathúil. Glacann na feirmeacha páirt freisin sa chóras lipéadaithe agus reo grutha bhuí de réir na gcritéar arna dtarraingt suas ag táirgeoirí “Kullings kalvdans”.

Déantar “Kullings kalvdans” trí úsáid a bhaint as gruth buí ón gcéad trí nó cheithre bhabhta blite tar éis bhreith an lao. Le linn an ama sin, táirgeann an bhó thart ar chúig lítear de ghruth buí thar a bhfuil ag teastáil ón lao chun maireachtáil.

Tá ról tábhachtach ag cáilíocht an ghrutha bhuí i saintréithe “Kullings kalvdans”, lena n-áirítear a chion próitéine agus méid an uachtair. Tá cion próitéine agus saille grutha bhuí tuairim agus dhá oiread níos mó ná mar atá ag gnáthbhainne, ach imríonn tosca, lena n-áirítear beatha na mbó, pór agus an líon bleán ó rugadh an lae, tionchar ar na leibhéil sin — cuir i gcás dath, boladh agus blas an ghrutha bhuí.

Is rithabhachtach d’uigeacht, raimhre agus blas “Kullings kalvdans” cumas na n-oibrithe déiríochta gruth buí a bhfuil leibhéil éagsúla próitéine agus uachtair aige a mheascadh. Is le cion ard próitéine a tháirgtear kalvdans crua, agus imríonn méid an uachtair tionchar ar bhlás, uigeacht, raimhre agus dath na kalvdans agus a mblás sa bhéal.

Trí ghruth buí ó fheirmeacha, ba agus bleáin éagsúla a mheascadh, is féidir leis an déirí an uigeacht agus an raimhre a chur in oiriúint do roghanna áitiúla agus traidisiúnta

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta

https://www.livsmedelsverket.se/globalassets/foretag-regler-kontroll/livsmedelsinformation-markning-halsopastaenden/skyddade-beteckningar/ansokan_kullings_kalvdans_2022_08_29.pdf

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)